Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**5136/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0028(COD)**

**CODEC 19**
**JUSTCIV 3**
**JAI 16**
**JAIEX 4**
**AL 2**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE AGUS Ó PHARLAIMINT NA hEORPA maidir le húdarú atá dírithe ar an bhFrainc chun comhaontú déthaobhach a chaibidliú leis an Ailgéir i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 8 Feabhra 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 81(2) CFAE, chuig an gComhairle.

2. An 12 Nollaig 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis[2].

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, mar a leagtar amach in PE-CONS 65/23, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

[1] 6255/23.
[2] 16653/23.

4. Leagtar amach an ráiteas le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

5. Má fhormheasann an Chomhairle[3][4] an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[3] I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

[4] I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d’Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.